BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Dara Dlísheomra)

1 Lúnasa 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – An smacht reachta – Cosaint bhreithiúnach éifeachtach sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Prionsabail maidir le do-inaistritheacht agus neamhspleáchas na mbreithiúna – Ceapachán neamhthoiliúil breithimh de chuid cúirte uachtaraí chun suí, ar feadh tréimhse shocraithe, i ndlísheomra eile den chúirt sin – Tosaíocht dhlí an Aontais – Soláthar poiblí – Treoir 2004/17/CE – Nósanna imeachta soláthair – Iarratas ar chomhaontú chun cearta úinéireachta a aistriú a bhaineann le deimhnithe tionscnaimh le haghaidh leictreachas glas – Treoir 92/13/CEE – Airteagal 2d(1) – Nósanna imeachta athbhreithnithe a bhaineann le conarthaí poiblí a dhámhachtain – Neamhéifeachtacht an chonartha – Eintiteas conarthach a iarrann neamhniú conartha arna thabhairt i gcrích de shárú ar rialacha soláthair phoiblí – Mí-úsáid ceart – Neamhláithreacht)

I gCásanna uamtha C-422/23, C-455/23, C-459/23, C-486/23 agus C-493/23 [Daka] [i],

CÚIG IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn), trí bhreitheanna an 3 agus an 21 Aibreán 2023 agus an 13 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 10, an 20, an 21 agus an 31 Iúil 2023 agus an 3 Lúnasa 2023, sna himeachtaí

T.B.

v

C.B.,

idiragraithe:

D.B. (C-422/23),

agus

G.T.

v

T. S.A. (C-455/23),

agus

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

E. S.A.

v

W. sp. z o.o.,

Bank. S.A. (C-459/23),

agus

S. sp. z o.o.

v

V. sp. z o.o. (C-486/23),

agus

Miasto W.

v

M.T.,

E.T.,

A.W. (C-493/23),

idiragraithe:

Prokurator Prokuratury Okręgowej Warszawa-Praga w Warszawie,

tugann AN CHÚIRT (an Dara Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Jürimäe (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, ag gníomhú dó mar Bhreitheamh an Dara Dlísheomra, M. Gavalec, Z. Csehi agus M. Condinanzi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: M. Siekierzyńska, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 8 Eanáir 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– E. S.A., ag P. Łącki, adwokat,

– Prokuratura Okręgowa Warszawa-Praga w Warszawie, ag D. Winiarek, Zastępca Prokuratora Okręgowego Warszawa-Praga w Warszawie,

– Rialtas na Polainne, ag A. Bodnar, B. Majczyna, M. Rzotkiewicz, M. Taborowski agus S. Żyrek, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag K. Herrmann, P.J.O. Van Nuffel agus G. Wils, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') (Cásanna C-422/23, C-455/23, C-459/23, C-486/23 agus C-493/23), phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais (Cásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23), Airteagal 1(2)(c) agus (4), Airteagal 2(1)(b), Airteagal 3(3)(b), Airteagal 14, Airteagal 16(a) agus Airteagal 20 de Threoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO 2004 L 134, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1177/2009 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2009 (IO 2009 L 314, lch. 64) ('Treoir 2004/17'), Airteagal 2d(1)(a) de Threoir 92/13/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 lena gcomhordaítear na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a bhaineann le rialacha an Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta soláthair eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide (IO 1992 L 76, lch. 14), arna leasú le Treoir 2007/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 (IO 2007 L 335, lch. 31) ('Treoir 92/13'), agus an prionsabal ginearálta lena dtoirmisctear mí-úsáid ceart (Cás C-459/23).

2 Rinneadh na hiarrataí i gcúig shraith imeachtaí idir T.B. agus C.B., faoi seach, maidir le leithdháileadh eastáit chomhchoitinn agus oidhreachta (Cás C-422/23), G.T. agus T. S.A. maidir le scaoileadh ráthaíochta agus forghníomhú scaireanna atá i seilbh cuideachta (Cás C-455/23), E. S.A. ('cuideachta E.') agus W. sp. z o.o. ('cuideachta W.') agus Bank S.A. maidir le neamhláithreacht dhlíthiúil naisc chonarthaigh (Cás C-459/23), S. sp. z o.o. agus V. sp. z o.o. maidir le hiarraidh ar íocaíocht (Cás C-486/23) agus Miasto W. agus M.T., E.T., chomh maith le A.W. maidir le hoibleagáid dearbhú intinne a thaisceadh (Cás C-493/23).

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2003/88/CE

3 Foráiltear le hAirteagal 6(b) de Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le heagrú ama oibre (IO 2003 L 299, lch. 9):

‘Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an méid seo a leanas a áirithiú, i gcomhréir leis na ceanglais chun sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint:

[...]

(b) ní rachaidh an meán-am oibre do gach tréimhse 7 lá thar 48 n-uair an chloig, lena n-áirítear ragobair.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 92/13

4 De réir bhrí Airteagal 2d(1)(a) agus (2) de Threoir 92/13:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go measfaidh comhlacht athbhreithnithe atá neamhspleách ar an eintiteas conarthach go bhfuil conradh neamhéifeachtach nó go bhfuil a neamhéifeachtacht mar thoradh ar chinneadh ó chomhlacht athbhreithnithe den sórt sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) má dhámh an t-eintiteas conarthach conradh gan fógra a fhoilsiú roimh ré in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, gan é sin a bheith incheadaithe faoi fhorálacha [Threoir 2004/17]

[...]

2. Is leis an dlí náisiúnta a chinntear na hiarmhairtí a bheadh ann dá mbeadh conradh neamhéifeachtach.

Dá bhrí sin, féadfar foráil a dhéanamh leis an dlí náisiúnta maidir le cealú cúlghabhálach na n-oibleagáidí conarthacha uile nó raon feidhme an chealaithe a theorannú do na hoibleagáidí atá fós le comhlíonadh. Sa chás deireanach sin, déanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis eile a chur i bhfeidhm de réir bhrí Airteagal 2e(2).’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Cuireadh Airteagal 2d(1)(a) agus (2) de Threoir 92/13 isteach i dTreoir 92/13 le Treoir 2007/66. Foráiltear le haithrisí 2, 13, 14 agus 20 den Treoir sin mar a leanas:

‘(2) [...] I gcomhréir le cásdlí na Cúirte [...], ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gurb ann do leigheasanna éifeachtacha agus tapa i gcoinne cinntí arna nglacadh ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha i dtaobh an dtagann conradh ar leith faoi raon feidhme pearsanta agus ábhartha Threoracha 2004/18/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO 2004 L 134, lch. 114)] agus [2004/17].

[...]

(13) Chun dámhachtain dhíreach neamhdhleathach conarthaí a chomhrac, conarthaí atá sainaitheanta ag an gCúirt mar an sárú is suntasaí ar dhlí an Chomhphobail i réimse an tsoláthair phoiblí ag údarás conarthach nó ag eintiteas conarthach, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le pionós éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas, i bprionsabal, go bhfuil conradh a eascraíonn as dámhachtain dhíreach neamhdhleathach neamhéifeachtach. Níor cheart an neamhéifeachtacht a bheith uathoibríoch ach ba cheart do chomhlacht athbhreithnithe neamhspleách í a bhunú nó ba cheart í a bheith mar thoradh ar chinneadh arna dhéanamh ag comhlacht den sórt sin.

(14) Is í an neamhéifeachtacht an bealach is éifeachtaí chun iomaíocht a athbhunú agus chun deiseanna nua gnó a chruthú do na hoibreoirí eacnamaíocha sin ar baineadh an deis a bheith rannpháirteach sa nós imeachta soláthair go neamhdhleathach díobh. Ba cheart go n-áireofaí le dámhachtainí díreacha de réir bhrí na Treorach seo gach dámhachtain conartha a dhéantar gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* de réir bhrí Threoir [2004/18]. Comhfhreagraíonn sé sin do nós imeachta gan glao ar iomaíocht roimh ré de réir bhrí [Threoir 2004/17].

[...]

(20) Níor cheart cur i bhfeidhm pionós níos déine faoin dlí náisiúnta a eisiamh leis an Treoir seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2004/17

6 Foráiltear le haithrisí 2, 3, agus 9 de Threoir 2004/17 mar a leanas:

‘(2) Cúis thábhachtach le rialacha a thabhairt isteach maidir le comhordú nósanna imeachta soláthair sna hearnálacha sin is ea na bealaí éagsúla inar féidir le húdaráis náisiúnta tionchar a imirt ar iompraíocht na n-eintiteas sin [...]

(3) Ceann de na príomhchúiseanna a bhfuil gá le comhordú a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair ag eintitis a oibríonn sna hearnálacha sin is ea cineál dúnta na margaí ina n-oibríonn siad [...]

[...]

(9) Chun a áirithiú go ndéanfar conarthaí soláthair phoiblí arna ndámhachtain ag eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist a oscailt don iomaíocht, ba cheart go bhforbrófar forálacha chun comhordú Comhphobail a bhunú ar chonarthaí os cionn luach áirithe [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 De réir Airteagal 1 den Treoir sin:

'1. Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach san Airteagal seo.

2. [...]

(c) Ciallaíonn "conarthaí soláthair" conarthaí seachas na conarthaí dá dtagraítear in (b) arb é is cuspóir dóibh táirgí a cheannach, a léasú, a fháil ar cíos nó a fhruilcheannach, leis an rogha táirgí a cheannach nó gan í.

Measfar gur "conradh soláthair" é conradh arb é is cuspóir dó soláthar táirgí, lena gcumhdaítear freisin, mar ábhar teagmhasach, oibríochtaí suite agus suiteála;

[...]

4. Ciallaíonn "creat-chomhaontú" comhaontú idir eintiteas conarthach amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó, arb é is cuspóir dó na téarmaí a bhunú lena rialófar conarthaí a bheidh le dámhachtain le linn tréimhse áirithe, go háirithe maidir le praghas agus, i gcás inarb iomchuí, na cainníochtaí atá beartaithe.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 2(1) agus (2) den Treoir sin:

'1. 'Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn:

[...]

(b) "gnóthas poiblí": aon ghnóthas a bhféadfaidh na húdaráis chonarthacha tionchar ceannasach a imirt air go díreach nó go hindíreach de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirteachais airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é.

Toimhdeofar go bhfuil tionchar ceannasach ag na húdaráis chonarthacha i gcás ina mbíonn an méid seo a leanas i gceist, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an ngnóthas:

– tá formhór de chaipiteal suibscríofa an ghnóthais acu [...]

[...]

2. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le heintitis chonarthacha:

(a) is údaráis chonarthacha nó gnóthais phoiblí iad agus a shaothraíonn ceann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 3 go 7;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 3(3) den Treoir sin:

'Maidir le leictreachas, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) líonraí fosaithe a sholáthar nó a oibriú a bheartaítear chun seirbhís phoiblí a sholáthar i dtaca le leictreachas a tháirgeadh, a iompar nó a dháileadh, nó

(b) leictreachas a sholáthar do líonraí den sórt sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 14 de Threoir 2004/17:

'1. Féadfaidh eintitis chonarthacha creat-chomhaontú a mheas mar chonradh de réir bhrí Airteagal 1(2) agus é a dhámhachtain i gcomhréir leis an Treoir seo.

2. I gcás inar dhámh eintitis chonarthacha creat-chomhaontú i gcomhréir leis an Treoir seo, féadfaidh siad leas a bhaint as Airteagal 40(3)(i) agus conarthaí á ndámhachtain atá bunaithe ar an gcreat-chomhaontú sin.

3. I gcás nach bhfuil creat-chomhaontú tugtha i gcrích i gcomhréir leis an Treoir seo, ní fhéadfaidh eintitis chonarthacha leas a bhaint as Airteagal 40(3)(i).

4. Ní fhéadfaidh eintitis chonarthacha mí-úsáid a bhaint as creat-chomhaontuithe a bhfuil sé d'éifeacht acu iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 De réir Airteagal 16(a) den Treoir sin:

'Ach amháin i gcás ina gcuirfear as an áireamh iad leis na heisiaimh in Airteagail 19 go 26 nó de bhun Airteagal 30, maidir le saothrú na gníomhaíochta atá i gceist, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le conarthaí ar lú a luach, gan cáin bhreisluacha (CBL) a áireamh, ná na tairseacha seo a leanas:

(a) EUR 387 000 i gcás conarthaí soláthair agus seirbhíse'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Is mar seo a leanas an fhoclaíocht atá in Airteagal 17 den Treoir sin:

'1. Beidh ríomh luacha mheasta conartha bunaithe ar an méid iomlán is iníoctha, gan CBL san áireamh, arna mheas ag an eintiteas conarthach. Cuirfear san áireamh sa ríomh sin an méid iomlán measta, lena n-áirítear aon chineál rogha agus aon athnuachan ar an gconradh.

[...]

2. Ní fhéadfaidh eintitis chonarthacha dul timpeall ar chur i bhfeidhm na Treorach seo trí thionscadail oibreacha nó tionscadail cheannacháin atá dírithe ar chainníocht áirithe soláthairtí agus/nó seirbhísí a fháil a dheighilt nó trí mhodhanna speisialta a úsáid chun luach measta na gconarthaí a ríomh.

3. Maidir le creat-chomhaontuithe agus córais dhinimiciúla cheannaigh, is é an luach a bheidh le cur san áireamh an t-uasluach measta glan ar CBL na gconarthaí go léir atá beartaithe le haghaidh théarma iomlán an chomhaontaithe nó an chórais.

[...]

7. I gcás conarthaí seirbhíse nó soláthair a dhámhtar go rialta nó atá le hathnuachan laistigh de thréimhse áirithe, is ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas a ríomhfar luach measta an chonartha:

(a) luach iarbhír iomlán na gconarthaí leanúnacha den chineál céanna arna ndámhachtain le linn na 12 mhí nó na bliana airgeadais roimhe sin, arna choigeartú, i gcás inar féidir, chun na hathruithe ar chainníocht nó ar luach a tharlódh le linn na 12 mhí tar éis an chonartha tosaigh a chur i gcuntas;

(b) nó luach measta iomlán na gconarthaí leanúnacha arna ndámhachtain le linn na 12 mhí tar éis an chéad seachadta, nó le linn na bliana airgeadais más faide sin ná 12 mhí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 20(1) den Treoir sin:

'Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le conarthaí a dhámhann eintitis chonarthacha chun críocha eile seachas chun a ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 3 go 7 a shaothrú nó chun na gníomhaíochtaí sin a shaothrú i dtríú tír, faoi choinníollacha nach mbaineann le saothrú fisiceach líonra ná limistéir gheografaigh laistigh den Chomhphobal [Eorpach].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear le hAirteagal 40(3)(i) de Threoir 2004/17:

'Féadfaidh eintitis chonarthacha nós imeachta a úsáid gan glao ar iomaíocht roimh ré sna cásanna seo a leanas:

[...]

(i) maidir le conarthaí atá le dámhachtain ar bhonn creat-chomhaontú, ar choinníoll go gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 14(2)'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/25/AE

15 Faoi aithris 23 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO 2014 L 94, lch. 243):

‘Gan raon feidhme na Treorach seo a leathnú ar bhealach ar bith, ba cheart a shonrú, i gcás ina dtagraítear sa Treoir seo do sholáthar leictreachais, go gcumhdófar léi a tháirgeadh, a mhórdhíol agus a mhiondíol.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear le hAirteagal 7(1) den Treoir sin:

‘Chun críocha Airteagail 8, 9 agus 10, áirítear táirgeadh, mórdhíol agus miondíol leis an téarma “soláthar”’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Foráiltear le hAirteagal 9(1) den Treoir sin:

‘Maidir le leictreachas, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) líonraí fosaithe a sholáthar nó a oibriú a bheartaítear chun seirbhís phoiblí a sholáthar i dtaca le leictreachas a tháirgeadh, a iompar nó a dháileadh;

(b) leictreachas a sholáthar do líonraí den sórt sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2009/28/CE

18 Tá na sainmhínithe seo a leanas ar fáil sa dara fomhír d’Airteagal 2(k) agus (l) de Threoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 2001/77/CE agus 2003/30/CE (IO 2009 L 140, lch. 1):

‘(k) ciallaíonn “scéim tacaíochta”: aon ionstraim, scéim nó sásra a chuirfidh Ballstát nó grúpa Ballstát i bhfeidhm, lena gcuirtear chun cinn úsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite trí chostas an fhuinnimh sin a laghdú, tríd an bpraghas ag a bhféadfar é a dhíol a ardú, nó trí chainníocht an fhuinnimh sin a cheannaítear a mhéadú trí bhíthin oibleagáid fuinneamh inathnuaite a úsáid nó ar bhealach eile, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do, cúnamh infheistíochta, díolúintí nó laghduithe cánach, aisíocaíochtaí cánach, scéimeanna tacaíochta don oibleagáid fuinneamh inathnuaite a úsáid, lena n-áirítear iad sin a úsáideann teastais ghlasa, agus scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh lena n-áirítear taraifí ionfhotha agus íocaíochtaí préimhe;

(l) ciallaíonn “oibleagáid maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a úsáid”: scéim tacaíochta lena gceanglaítear ar tháirgeoirí fuinnimh sciar áirithe fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a áireamh ar a gcuid táirgthe, agus lena gceanglaítear ar sholáthróirí fuinnimh sciar áirithe fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a áireamh ar a gcuid soláthair, nó lena gceanglaítear ar thomhaltóirí fuinnimh sciar áirithe fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a áireamh ar a gcuid tomhaltais. Áirítear leis sin scéimeanna faoina bhféadfar na ceanglais sin a chomhlíonadh trí dheimhnithe glasa a úsáid’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Polainne

An Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach

19 I gcomhréir le hAirteagal 23 den ustawa o Sądzie Najwyższym (an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach) an 8 Nollaig 2017 (Dz. U. de 2018, mír 5), arna leasú le (Dz. sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí (‘an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach’):

‘Beidh dlínse ag an Dlísheomra Sibhialta cásanna a bhaineann leis an dlí sibhialta, leis an dlí tráchtála, le dlí na maoine intleachtúla, leis an dlí teaghlaigh agus leis an gcaomhnóireacht a éisteacht, chomh maith le cásanna a bhaineann le clárú gnó agus le clárú urrús.’

20 Foráiltear le hAirteagal 25 den Dlí sin:

‘Beidh dlínse ag an Dlísheomra um Shaothar agus um Shlándáil Shóisialta cásanna a bhaineann le dlí an tsaothair agus le hárachas sóisialta a éisteacht.’

21 Foráiltear le hAirteagal 35(3) den Treoir sin:

‘Féadfaidh Céad Uachtarán an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) breitheamh a cheapadh chun páirt a ghlacadh sa scrúdú ar chás áirithe i ndlísheomra eile agus, lena thoiliú, suí i ndlísheomra eile ar feadh tréimhse shonraithe. Féadfar breitheamh a cheapadh chun suí i ndlísheomra eile, gan a thoiliú, ar feadh uastréimhse 6 mhí in aghaidh na bliana. Ag deireadh na tréimhse dá gceaptar an breitheamh chun suí i ndlísheomra eile, déileálfaidh an breitheamh lena mbaineann leis na cásanna a shanntar dó sa dlísheomra sin go dtí go ndúnfar iad.’

An Dlí maidir le Soláthar Poiblí

22 Tugtar an méid seo a leanas le fios in Airteagal 132(1) den ustawa –Prawo zamówień publicznych (Dlí maidir le Soláthar Poiblí) an 29 Eanáir 2004 (Dz. U. Uimh. 19, mír 177) sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí a bhaineann le Cás C-459/23:

‘Beidh feidhm ag forálacha na caibidle seo maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(3) agus ag a gcomhlachais agus ag údaráis chonarthacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(4) [...] faoi réir Airteagal 3(1)(5), i gcás ina ndámhtar an conradh chun aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a shaothrú:

[...]

3. líonraí a chruthú chun seirbhísí poiblí a sholáthar a bhaineann le leictreachas, gás nó téamh a tháirgeadh, a iompar nó a dháileadh, nó le leictreachas, gás nó téamh a sholáthar do líonraí den sórt sin, nó le líonraí den sórt sin a bhainistiú […]'

23 Foráiltear le hAirteagal 146 den Dlí sin, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí a bhaineann le Cás C-459/23:

'1. Ní mór an conradh a neamhniú má dhéanann an t-údarás conarthach an méid seo a leanas:

[…]

2. nár fhoilsigh sé fógra conartha in *Biuletynie Zamówień Publicznych [Feasachán Soláthair Phoiblí]* nó nár sheol sé fógra conartha chuig Oifig Foilseachán [an Aontais Eorpaigh];

[…]

4. Ar na forais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 6, ní fhéadfar neamhbhailíocht conartha a iarraidh ar bhonn Airteagal 189 den ustawa – Kodeks postępowania cywilnego [(an Dlí lena mbunaítear Cód an Nós Imeachta Sibhialta) an 17 Samhain 1964 (Dz. U. Uimh. 43, mír 296), arna leasú].'

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Cúinsí agus saincheisteanna a bhaineann le gach cás

24 Tugtar cúig achomharc ar phointe dlí os comhair an Dlísheomra Shibhialta den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ('an Dlísheomra Sibhialta'), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

25 Le horduithe, cheap Uachtarán an Dlísheomra Shibhialta na painéil choláisteacha, comhdhéanta de thriúr breithiúna, chun rialú a thabhairt ar cheann amháin de na cúig chás sin agus cheap sé, i ngach cás, breitheamh is rapóirtéir.

26 I ngach ceann de na painéil de thriúr breithiúna arna gceapadh amhlaidh, i dteannta breitheamh den Dlísheomra Sibhialta, suífidh beirt bhreithiúna arna sannadh don Dlísheomra um Shaothar agus um Shlándáil Shóisialta den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach). Ceapadh an bheirt bhreithiúna sin, le horduithe ó Chéad Uachtarán na cúirte sin, bunaithe ar Airteagal 35(3) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, chun suí sa Dlísheomra Sibhialta ar feadh thréimhse 3 mhí ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meitheamh 2023. I dtrí cinn de na cúig chás sin, bhí athrú breithimh is rapóirtéir i dteannta na gceapachán sin, chun leasa cuid de na breithiúna a ceapadh amhlaidh.

27 Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na bpainéal breithiúnach a bunaíodh ar an gcaoi sin, mar gheall ar roinnt imthosca.

28 Ar an gcéad dul síos, sonraíonn an chúirt sin gur ceapadh na breithiúna lena mbaineann chun suí, ar feadh tréimhse shonraithe, sa Dlísheomra Sibhialta gan a dtoiliú. Thairis sin, níor chuathas i gcomhairle leo roimh ré fiú.

29 Ar an dara dul síos, tugann an chúirt sin faoi deara nár tugadh aon chúis leis na ceapacháin sin. Agus tagairt á déanamh do na cúiseanna a leagtar amach sa phreas maidir le líon suntasach breithiúna a cheapadh chun suí, ar feadh tréimhse shonraithe, sa Dlísheomra Sibhialta, luaitear go bhfuil ualach oibre agus riaráiste mór an Dlísheomra sin mar gheall ar a bhainistíocht le déanaí agus nach féidir leis údar a thabhairt le ceapacháin den sórt sin.

30 Ar an tríú dul síos, níl aon chosaint bhreithiúnach faoi dhlí na Polainne ag na breithiúna a cheaptar. Ní fhéadfadh ach an Krajowa Rada Sądownictwa (Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an Pholainn) athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh lena gceaptar breitheamh chun suí, ar feadh tréimhse shonraithe, i ndlísheomra eile. Ní leigheas os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú le dlí é an t-athbhreithniú sin, ag féachaint do chomhdhéanamh reatha na Comhairle sin.

31 I ndáil leis sin, déanann an chúirt a rinne an tarchur comparáid idir ceapacháin neamhthoiliúla breithimh chun suí, ar feadh tréimhse shonraithe, i ndlísheomra seachas an dlísheomra dár sannadh é agus bearta aistrithe neamhthoiliúla breithimh. Dá bhrí sin, i mír 118 de bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.(Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798), chinn an Chúirt go bhféadfadh bearta aistrithe den sórt sin an bonn a bhaint de phrionsabail maidir le do-inaistritheacht agus neamhspleáchas na mbreithiúna agus gur cheart iad a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach.

32 Ar an gceathrú dul síos, ceapadh Uachtarán an Dlísheomra Shibhialta agus Céad Uachtarán an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), a ghlac na horduithe atá i gceist sna príomhimeachtaí, ina mbreithiúna don Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) sna himthosca neamhrialta céanna leis na himthosca a scrúdaigh an Chúirt sa chás as ar eascair breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.(Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí– Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798). Tá imeachtaí breithiúnacha a bhaineann leis na daoine sin neamhbhailí toisc go bhfuil siad contrártha do cheart daoine aonair chun triail chóir a fháil.

33 Ar an gcúigiú dul síos, ní raibh na breithiúna a ceapadh chun suí, ar feadh tréimhse shonraithe, sa Dlísheomra Sibhialta díolmhaithe ó fheidhmiú a ngníomhaíochtaí breithiúnacha ina ndlísheomra bunaidh. Dá bhrí sin, ba cheart ualach oibre dúbailte a bheith orthu.

34 Ar an gcéad dul síos, níl aon bhunús dlí ag an ualach oibre dúbailte sin i ndlí na Polainne. Le hAirteagal 35(3) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, ní cheadaítear ceapachán neamhthoiliúil chun suí i ndlísheomra eile ach amháin le haghaidh cás sonrach nó ar feadh tréimhse theoranta ama. Sa chás deireanach sin, níor cheart don bhreitheamh lena mbaineann suí ach amháin sa dlísheomra eile sin, agus ní ag an am céanna sa dlísheomra eile sin agus ina dhlísheomra bunaidh.

35 Ina dhiaidh sin, cruthaíonn an t-ualach oibre dúbailte sin fadhbanna maidir le cáilíocht an cheartais a thugtar, i bhfianaise speisialtóireacht ábhartha bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) atá riachtanach d'fheidhmiú cuí na cúirte sin. Mar thoradh ar an gceapachán chun suí i ndlísheomra eile, bheadh ar an mbreitheamh lena mbaineann rialú a thabhairt i réimsí dlí nach bhfuil sé speisialaithe iontu.

36 Ar deireadh, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, i roinnt dá hiarrataí ar réamhrialú, go bhféadfadh an t-ualach oibre dúbailte sin a bheith contrártha d'Airteagal 6(b) de Threoir 2003/88. Dar leis an gcúirt sin, ní féidir glacadh leis go bhfuil lánrogha ag Uachtarán cúirte lena gcuirtear ar

a chumas nó ar a cumas cúraimí breise a shannadh do bhreitheamh in éagmais aon idirphlé, cé go sáraítear na caighdeáin uasta Eorpacha agus náisiúnta maidir le ham oibre mar thoradh ar na cúraimí sin a chur leis.

37 I bhfianaise an mhéid sin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le comhoiriúnacht na bhfoirmíochtaí cúirte a n-iarrtar orthu rialú a thabhairt ar na cúig achomharc ar phointe dlí le ceanglais an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt. I gCásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23, fiafraíonn sí freisin an gá do na foirmíochtaí cúirte sin diúltú do rialú a thabhairt i gcás neamhréireacht le dlí an Aontais.

38 Sna himthosca sin, chinn an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, i gCásanna C-422/23 agus C-493/23, le haghaidh réamhrialú:

'1. I gcás ina bhforáiltear le dlí náisiúnta go bhféadfar breitheamh de chúirt náisiúnta na céime deiridh [breitheamh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], trí chinneadh lánroghnach ó Uachtarán na cúirte sin [Céad Uachtarán den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], a cheapadh, gan a thoiliú nó a toiliú, chun suí ar feadh tréimhse socraithe in aghaidh na bliana i ndlísheomra eile den Chúirt sin a bhfuil dlínse aici chun cásanna a éisteacht a bhfuil éagsúil uathu siúd ar dhéileáil an breitheamh sin leo go dtí seo, in ionad i ndlísheomra den Chúirt sin ina bhfuil sé nó sí, i gcomhréir lena oiliúint nó lena hoiliúint agus lena réimsí inniúlachta, ina shuí nó ina suí de ghnáth, má léitear an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE i gcomhar le hAirteagal 47 den [Chairt], a léiriú amhail go n-éilítear go mbeadh leigheas éifeachtach ag breitheamh den sórt sin, chun a neamhspleáchas agus a uathriail nó a huathriail a chosaint, i gcoinne an chinnidh sin os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta i nós imeachta lena ndéantar ceanglais Airteagail 47 agus 48 den Chairt a chomhlíonadh?

2. An gá [an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt] a fhorléiriú amhail nach bhfuil cúirt na céime deiridh de chuid Ballstáit [an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], a bhfuil beirt bhreithiúna ar a gcomhdhéanamh de thriúr comhaltaí a bhí, gan a dtoiliú, ceaptha ag Uachtarán na cúirte sin chun suí ar an gcúirt sin lasmuigh dá ndlísheomra baile agus chun suí i ndlísheomra atá inniúil chun an cás i dtrácht a éisteacht, agus nach raibh deis acu roimhe sin agóid a dhéanamh i gcoinne a gceapacháin os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta i nós imeachta lena ndéantar ceanglais Airteagail 47 agus 48 den Chairt a chomhlíonadh, ina binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí agus lena dtugtar rochtain éifeachtach ar cheartas do dhaoine aonair i réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais Eorpaigh [Chairt]? '

39 I gCásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23, chuir an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a cheisteanna le chéile mar a leanas, agus é á chur san áireamh, i gCás C-459/23, gurbh iad seo an chéad cheist go dtí an tríú ceist maidir leis na seacht gceist a tharchuirtear:

'1. An gá an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise an léirmhínithe arna ghlacadh ag an gCúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.(Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí– Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798), amhail go sáraítear na prionsabail maidir le do-inaistritheacht agus neamhspleáchas na mbreithiúna, de réir analaí le haistriú breitheamh de ghnáthchúirt idir dhá rannán den chúirt sin, le ceapachán bhreitheamh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) suí go sealadach i ndlísheomra eile den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), gan toiliú an bhreithimh sin, más rud é:

– go gceapfar breitheamh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) chun rialú a dhéanamh ar chásanna nach bhfuil a n-ábhar ag freagairt do dhlínse ábhartha an dlísheomra dár ceapadh é nó í;

– nach bhfuil leigheas breithiúnach ag an mbreitheamh, i gcoinne an chinnidh a bhaineann le ceapachán den sórt sin, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 118 de bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.(Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí– Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798);

– go raibh an cinneadh ón gCéad Uachtarán den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) maidir le breitheamh a cheapadh chuig dlísheomra eile agus an cinneadh ón Uachtarán atá freagrach as obair dhlísheomra sibhialta [...] i ndáil le sannadh cásanna áirithe glactha ag daoine a ceapadh mar bhreithiúna don Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) sna himthosca céanna leo siúd ba bhun le breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.(Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí– Ceapachán)* [(C-487/19, de)], ar an tuiscint, i bhfianaise cásdlí atá ann cheana, go bhfuil imeachtaí breithiúnacha ar a bhfuil daoine den sórt sin rannpháirteach iontu neamhbhailí le nó de shárú ar cheart dlíthithe chun triail chóir a fháil, a chumhdaítear in Airteagal 6 [den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (“ECHR”)];

– nach bhfuil aon bhunús sa dlí náisiúnta chun breitheamh a cheapadh gan a thoiliú nó a toiliú, ar feadh tréimhse seasta, chuig dlísheomra eile den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) seachas dlísheomra ina gcomhlíonann sé a dhualgais nó sí a dualgais, agus é d’oibleagáid air nó uirthi leanúint ar aghaidh ag suí ina dhlísheomra nó ina dlísheomra baile;

– go sáraítear Airteagal 6(b) de Threoir [2003/88] le ceapachán neamh-chomhthoiliúil an bhreithimh chun suí ar feadh tréimhse seasta i ndlísheomra den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) seachas an dlísheomra ina gcomhlíonann sé a dhualgais nó sí a dualgais?

2. D’ainneoin an fhreagra ar an gcéad cheist, an gá an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE a léiriú amhail nach ionann binse arna bhunú mar thoradh ar chinneadh ón gCéad Uachtarán den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) maidir le breitheamh a cheapadh chun suí i ndlísheomra eile den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus cinneadh ón Uachtarán atá freagrach as obair dhlísheomra sibhialta [...] i ndáil le sannadh cásanna sonracha, agus binse “arna bhunú le dlí”, ar an tuiscint gur daoine arna gceapadh mar bhreithiúna den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a ghlac na cinntí sin sna himthosca céanna agus a bhí i gCás [ba chúis le breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021,] *W.Ż.(Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí– Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798), nuair is léir ón gcásdlí atá ann cheana go bhfuil imeachtaí breithiúnacha ar a bhfuil daoine den sórt sin rannpháirteach iontu neamhbhailí le nó de shárú ar cheart dlíthithe chun triail chóir a fháil, a chumhdaítear in Airteagal 6 de ECHR?

3. I gcás ina dtabharfar freagra dearfach ar an gcéad cheist, nó má fhreagraítear an dara ceist amhail nach ionann binse “arna bhunú le dlí” an chúirt a bunaíodh amhlaidh, an gá an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léiriú amhail go bhféadfaidh breithiúna arna gceapadh ar fhoirmíocht chúirte arna bunú de réir na socruithe dá dtagraítear sa chéad cheist agus sa dara ceist diúltú gníomhartha a dhéanamh sa chás a shanntar dóibh, lena n-áirítear rialú a dhéanamh, trína mheas nárbh ann do na cinntí lena ndéantar iad a cheapadh chuig dlísheomra eile den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)

agus cásanna sonracha a shannadh orthu, nó an gá a mheas go bhfuil sé de dhualgas orthu rialú a dhéanamh, a fhágann do na páirtithe a chinneadh cibé an ndéanfaidh siad agóid i gcoinne [an chinnidh a rinne siad] ar an bhforas go sáraítear leis sin ceart na bpáirtithe go n-éistfí cúirt nó binse a chomhlíonann ceanglais na dara fomhíre d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den [Chairt]?'

Na himthosca agus na ceisteanna a bhaineann go sonrach le Cás C-459/23

40 Tá cuideachta E., an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí i gCás C-459/23, ag gabháil do thrádáil leictreachais. Tá níos mó ná 50 % de na scaireanna ag Státchiste na Polainne. Tá cuideachta W., duine de na cosantóirí sna príomhimeachtaí sa chás seo, ag gabháil do tháirgeadh, d'iompar agus do dháileadh leictreachais.

41 An 24 Feabhra 2011, thug cuideachtaí E. agus W. conradh i gcrích chun cearta maoine a dhíol ('an conradh atá i gceist sna príomhimeachtaí'). Leagadh síos sa chonradh sin na coinníollacha maidir le díol na gceart maoine uile a eascraíonn as deimhnithe glasa, eadhon deimhnithe tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinse fuinnimh in-athnuaite. Gheall cuideachta W. úinéireacht na gceart úinéireachta uile a eascraíonn as na deimhnithe sin a aistriú chuig cuideachta E. Gheall cuideachta E. na deimhnithe sin a fháil trí idirbhearta thar an gcuntar ar mhalartán fuinnimh na Polainne. Leagadh síos sa chonradh sin freisin coinníollacha an luacha saothair as na deimhnithe sin a dhíol trí fhoirmle phraghais a shainiú.

42 Tar éis iarrachtaí nár éirigh leo na coinníollacha praghais a leagtar síos sa chonradh atá i gceist sna príomhimeachtaí a athchaibidliú, chuir cuideachta E. deireadh, i mí Mheán Fómhair 2017, le forghníomhú na n-orduithe díolacháin a chuir cuideachta W faoina bráid.

43 Ina dhiaidh sin, thionscain cuideachta E. caingean chun a shuíomh nach raibh aon nasc conarthach ann mar thoradh ar thabhairt i gcrích an chonartha atá i gceist sna príomhimeachtaí, ag brath ar argóint inar líomhnaíodh gur sáraíodh na rialacha maidir le conarthaí poiblí a dhámhachtain. Díbheadh í ag an gcéad chéim, le breithiúnas ón Sąd Okręgowy w Gdańsku (an Chúirt Réigiúnach, Gdansk, an Pholainn) an 6 Nollaig 2018, agus ag céim an achomhairc, le breithiúnas ón Sąd Apelacyjny w Gdańsku (an Chúirt Achomhairc, Gdansk, an Pholainn) an 13 Lúnasa 2019. Chinn na cúirteanna sin, go bunúsach, nach raibh an conradh sin cumhdaithe ag an dlí soláthair phoiblí.

44 Rinne cuideachta E. achomharc ar phointe dlí ansin os comhair na cúirte a rinne an tarchur i gcoinne bhreithiúnas an 13 Lúnasa 2019. Tá amhras ar an gcúirt sin maidir le fiúntas na measúnuithe a rinne na cúirteanna céadchéime ar infheidhmeacht an dlí soláthair phoiblí maidir leis an gconradh atá i gceist sna príomhimeachtaí. Bheadh na ceisteanna sin ábhartha i gcás ina leanann sé as na freagraí ar an gcéad cheist go dtí an tríú ceist, a leagtar amach i mír 39 den bhreithiúnas seo, nach mór di déileáil le substaint an achomhairc ar phointe dlí a thugtar os a comhair.

45 Ar an gcéad dul síos, féachann an chúirt sin lena chinneadh an dtagann gníomhaíocht trádála leictreachais faoi raon feidhme dhlí an tsoláthair phoiblí. I ndáil leis sin, féachann sí, ar an gcéad dul síos, le léiriú a dhéanamh ar Airteagal 3(3)(b) de Threoir 2004/17 chun a fháil amach an bhfuil díol leictreachais san áireamh leis na focail 'soláthar leictreachais do na líonraí'. Ar an dara dul síos, i bhfianaise Airteagal 20 de Threoir 2004/17, is gá a chinneadh an gceannaítear deimhnithe glasa chun críocha na ghníomhaíocht soláthair leictreachais a chur i gcrích agus ní mór é a bheith faoi réir an nós imeachta um dhámhachtain conarthaí poiblí. Dá mbeadh an

ceannach sin mar thoradh ar oibleagáid dhlíthiúil agus, dá bhrí sin, dá mba thoradh é ar fheidhmiú na gníomhaíochta maidir le leictreachas a sholáthar, ní bheadh gá leis, ar an taobh eile, chun an ghníomhaíocht a bhaineann le leictreachas a dhíol a chur i gcrích.

46 Ar an dara dul síos, measann an chúirt a rinne an tarchur gur gá soiléiriú a fháil maidir le léiriú Airteagal 1(4) de Threoir 2004/17, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 14 di, chun a chinneadh an ionann conradh lena gcuirtear d'oibleagáid ar na páirtithe conarthaí cur chun feidhme a thabhairt i gcrích maidir le coinníollacha sonraithe praghais agus cainníochta agus creat-chomhaontú, de réir bhrí na Treorach sin, agus an bhfuil sé faoi réir an nós imeachta um dhámhachtain conarthaí poiblí. Sa chás seo, sáraíonn luach bliantúil iomlán na n-idirbheart a thugtar i gcrích idir cuideachtaí E. agus W. faoi na conarthaí cur chun feidhme sin tairseacha an Aontais le haghaidh conarthaí poiblí earnála. Ar an taobh eile, ní shroicheann na hidirbhearta sin, ina n-aonar, na tairseacha sin. Sna himthosca sin, measann an chúirt sin go bhféadfaí a mheas nach creat-chomhaontú é an conradh atá i gceist sna príomhimeachtaí agus nach dtagann sé faoi raon feidhme dhlí an Aontais maidir le soláthar poiblí. Cuireann sí in iúl, áfach, go dtoirmisctear le hAirteagal 17(2) de Threoir 2004/17 conradh a dheighilt chun dul timpeall ar na tairseacha sin. Agus an méid sin á chur san áireamh, ba cheart a chinneadh ar cheart measúnú *ex ante* nó *ex post* a dhéanamh ar luach iomlán na n-idirbheart forghníomhaithe.

47 Ar an tríú dul síos, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir leis an bpionós nach mór a chur i bhfeidhm mar gheall ar dhámhachtain dhíreach an chonartha agus neamhaird iomlán á tabhairt aici ar na rialacha maidir le conarthaí poiblí a dhámhachtain agus tá dhá fhéidearthacht beartaithe aici. Ar thaobh amháin, d'fhéadfaí a mheas gurb ionann dámhachtain den sórt sin agus mainneachtain fógra conartha a fhoilsiú a thagann faoi Airteagal 2d(1)(a) de Threoir 92/13 agus, dá bhrí sin, an conradh atá i gceist sna príomhimeachtaí a neamhniú. Ar an taobh eile, molann cuideachta E. idirdhealú idir an mhainneachtain an fógra conartha a fhoilsiú agus an mhainneachtain iomlán nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí poiblí a chur i bhfeidhm. Ní thagann an cás deireanach sin faoi raon feidhme na forála sin, ach tagann sí faoi na pionóis níos déine dá bhforáiltear le dlí sibhialta na Polainne.

48 Ar an gceathrú dul síos, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an gcuirtear cosc, le prionsabal ginearálta an toirmisc ar mhí-úsáid ceart, ar neamhniú conartha le haghaidh sárú ar fhorálacha dhlí an Aontais maidir le soláthar poiblí, i gcás nach bhfuil sa líomhain maidir le sárú den sórt sin ach leithscéal chun cuspóirí a bhaint amach atá go hiomlán difriúil leis na cuspóirí atá á saothrú ag reachtas an Aontais, amhail gan conradh a chomhlíonadh a bhfuil laghdú tagtha ar bhrabúsacht an iarratasóra ina leith.

49 Sna himthosca sin, sa bhreis ar na trí cheist a leagtar amach i mír 39 den bhreithiúnas seo, tharchuir an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) na ceisteanna seo a leanas a bhaineann go sonrach le Cás C-459/23 le haghaidh réamhrialú:

> '4. Más é freagra na gceisteanna roimhe seo gurb ionann an chúirt a rinne an tarchur agus binse arna bhunú le dlí de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, an gá Airteagal 3(3)(b), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 1(2)(c) de [Threoir 2004/17] a léiriú amhail go gceanglaítear ar ghnóthas poiblí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) den Treoir sin, atá i mbun gníomhaíocht mórdhíola agus miondíola leictreachais, na deimhnithe glasa dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(k) go (l) de Threoir [2009/28]?

5. I gcás ina dtabharfar freagra dearfach ar an gceathrú ceist, an gá forálacha comhcheangailte Airteagal 14 agus Airteagal 1(4) de Threoir 2004/17 a léiriú amhail nach mór creat-chomhaontú a thabhairt i gcrích idir gnóthas den sórt sin agus táirgeoir fuinnimh in-athnuaite i gcomhréir le nós imeachta soláthair phoiblí i gcás ina sáraíonn luach iomlán measta (cé nach bhfuil sé sonraithe sa chomhaontú) na ndeimhnithe glasa a fuarthas de bhun an chomhaontaithe sin an tairseach a leagtar síos in Airteagal 16(a) den Treoir sin, ach nach sáraíonn luach na n-idirbheart aonair a tugadh i gcrích de bhun an chomhaontaithe sin an tairseach sin?

6. I gcás ina dtabharfar freagra dearfach ar an gceathrú agus ar an gcúigiú ceist, an ionann tabhairt i gcrích conartha agus neamhaird iomlán á dhéanamh ar na rialacha maidir le soláthar poiblí agus cás a chumhdaítear le hAirteagal 2d(1)(a) de Threoir [92/13/CEE], nó an cás eile é maidir le sárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh um sholáthar poiblí a fhágann gur féidir a dhearbhú go bhfuil conradh ar neamhní lasmuigh den nós imeachta atá leagtha síos sa dlí náisiúnta lena dtrasuítear an [Treoir sin]?

7. I gcás ina dtabharfar freagra dearfach ar an gceathrú agus ar an gcúigiú ceist, an gá prionsabal ginearálta an toirmisc ar mhí-úsáid ceart a léiriú amhail nach féidir gnóthas conarthach, dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) de Threoir 2004/17, iarraidh ar neamhniú conartha atá tugtha i gcrích aige le soláthraí de shárú ar na forálacha náisiúnta lena dtrasuítear na Treoracha ón Aontas maidir le soláthar poiblí, cé nach é comhlíonadh dhlí an Aontais an fíorchúis a iarrann sé an conradh a neamhniú ach laghdú ar bhrabúsacht a fheidhmíochta ag an ngnóthas conarthach?'

50 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 10 Deireadh Fómhair 2023, rinneadh Cásanna C-422/23, C-455/23, C-459/23, C-486/23 agus C-493/23 a uamadh chun críocha an nós imeachta i scríbhinn agus ó bhéal agus an bhreithiúnais.

Inghlacthacht na n-iarrataí ar réamhrialú

51 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir cásdlí comhsheasmhach, gur faoin gCúirt féin atá sé scrúdú a dhéanamh ar imthosca tharchur an cháis chuig ag an gcúirt náisiúnta, chun a chinneadh an bhfuil dlínse aici nó an bhfuil an t-iarratas a cuireadh faoina bráid inghlactha (breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Ós rud é go mbaineann na hiarrataí ar réamhrialú ó fhoirmíochtaí éagsúla den Dlísheomra Sibhialta, ní mór a fháil amach an bhfuil an comhlacht a rinne an tarchur, a thagraíonn dá amhras maidir lena neamhspleáchas féin, de chineál 'cúirt nó binse' de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.

53 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí socair, d'fhonn a chinneadh an 'cúirt nó binse' é an comhlacht a dhéanann tarchur de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, ceist atá faoi rialú dhlí an Aontais amháin agus, dá bhrí sin, an bhfuil an iarraidh ar réamhrialú inghlactha, cuireann an Chúirt san áireamh roinnt tosca, amhail, an bhfuil sé bunaithe le dlí, an bhfuil sé buan, an bhfuil a dhlínse éigeantach, an bhfuil a nós imeachta idirpháirteach, an gcuireann sí rialacha dlí i bhfeidhm agus an bhfuil sé neamhspleách (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, *Vaassen-Göbbels*, 61/65,

EU:C:1966:39, lch. 395; an 21 Nollaig 2023, *Krajowa Rada Sądownictwa (Breitheamh a fhanacht i seilbh a oifige)*, C-718/21, EU:C:2023:1015, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 7 Bealtaine 2024, *NADA agus páirtithe eile*, C-115/22, EU:C:2024:384, mír 35).

54 Thug an Chúirt Bhreithiúnais faoi deara go gcomhlíonann an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ann féin na ceanglais a mheabhraítear mar sin agus shonraigh sí, a mhéid a dhéanann cúirt náisiúnta iarraidh ar réamhrialú, nach mór a thoimhdiú go gcomhlíonann an chúirt sin na ceanglais sin beag beann ar a comhdhéanamh iarbhír (breithiúnais an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, míreanna 68 agus 69, agus an 21 Nollaig 2023, *Krajowa Rada Sądownictwa (Breitheamh a fhanacht i seilbh a oifige)*, C-718/21, EU:C:2023:1015, mír 41).

55 Mar sin féin, d'fhéadfadh an toimhde sin a fhrisnéis i gcás ina mbainfí de thátal as breithiúnas críochnaitheach arna thabhairt ag cúirt de chuid Ballstáit nó ag cúirt idirnáisiúnta nach bhfuil stádas binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt ag an mbreitheamh atá sa chúirt a rinne an tarchur (breithiúnais an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 72, agus an 21 Nollaig 2023, *Krajowa Rada Sądownictwa (Breitheamh a fhanacht i seilbh a oifige)*, C-718/21, EU:C:2023:1015, mír 44).

56 Mar sin féin, maidir le cás a thionscain foirmíocht chúirte atá comhdhéanta de bhreitheamh amháin an Dlísheomra Shibhialta, chinn an Chúirt, i bhfianaise a cásdlí féin maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, cinntí agus measúnuithe éagsúla arna ndéanamh, ar an gcéad dul síos, ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine i mbreithiúnas an 3 Feabhra 2022, *Advance Pharma sp. z o.o.* v *an Pholainn* (CE:ECHR:2022:0203JUD00146920) agus, ar an dara dul síos, ag Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an Pholainn) i mbreithiúnas an 6 Bealtaine 2021, gur thángthas ar an gconclúid nár bhain foirmíocht chúirte den sórt sin, mar gheall ar na socruithe lenar rialaíodh ceapadh an bhreithimh a bhí comhdhéanta de, stádas binse neamhspleách neamhchlaonta amach, arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí fhorálacha sin an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an toimhde dá dtagraítear i mír 54 den bhreithiúnas seo a mheas mar thoimhde le frisnéis (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Samhain 2024, *Prezes Urzędu Ochrony Konkurencji i Konsumentów*, C-326/23, EU:C:2024:940, míreanna 29 go 37).

57 Sa chás seo, ní léir ó aon fhianaise sa chomhad os comhair na Cúirte gur ceapadh na breithiúna arb iad na foirmíochtaí as a n-eascraíonn na tarchuir chun réamhrialú chuig an Dlísheomra Sibhialta tar éis nós imeachta atá comhionann leis an nós imeachta a leanadh chun an breitheamh aonair a cheapadh, a rinne an tarchur chun réamhrialú sa chás as ar eascair breithiúnas an 7 Samhain 2024, *Prezes Urzędu Ochrony Konkurencji i Konsumentów* (C-326/23, EU:C:2024:940). Ní leanann sé ón gcomhad sin ach oiread go raibh ceapacháin na mbreithiúna sin i gceist sna cásanna ba chúis leis na breithiúnais ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus ón Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

58 Sna himthosca sin, ní leor amhras na cúirte a rinne an tarchur maidir lena neamhspleáchas féin chun an toimhde dá dtagraítear i mír 54 den bhreithiúnas seo a fhrisnéis.

Na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

Na ceisteanna i gCásanna C-422/23 agus C-493/23 agus an chéad cheist agus an dara ceist i gCásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23

Inghlacthacht

59 Measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil an chéad cheist i gCásanna C-422/23 agus C-493/23 agus an dara ceist i gCásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23 do-ghlactha. Ní gá na ceisteanna sin chun na díospóidí sna príomhimeachtaí a réiteach, ós rud é nach mbaineann siad le cinneadh Chéad Uachtarán an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) breitheamh a cheapadh chun suí i ndlísheomra eile den Sąd Najwyższy ná le rialtacht an nós imeachta chun an chéad Uachtarán sin agus Uachtarán an Dlísheomra Shibhialta a cheapadh chuig poist mar bhreithiúna.

60 Sa chás seo, sna cúig dhíospóid sna príomhimeachtaí, ní mór don chúirt a rinne an tarchur, mar is léir ó na hiarrataí ar réamhrialú, a chinneadh *in limine litis* an binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí é, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, cé gur ceapadh roinnt de na comhaltaí a chomhdhéanann foirmíochtaí an Dlísheomra Shibhialta as a n-eascraíonn na tarchuir le haghaidh réamhrialú chun suí ann go sealadach agus nach féidir leo agóid a dhéanamh i gcoinne a gceapacháin sa Dlísheomra Sibhialta sin.

61 Mar is léir ó chásdlí na Cúirte, maidir le ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú atá beartaithe chun cúirt a dhéanann an tarchur a chur ar cumas deacrachtaí nós imeachta a réiteach, in *limine litis*, amhail deacrachtaí a bhaineann lena dlínse féin chun cás atá ar feitheamh os a comhair a éisteacht nó, fiú maidir leis na héifeachtaí dlíthiúla ba cheart a thabhairt do chinneadh breithiúnach a d'fhéadfadh cosc a chur ar an gcúirt sin cás den sórt sin a scrúdú, nó nár cheart a thabhairt do chinneadh breithiúnach, tá siad inghlactha faoi Airteagal 267 CFAE (breithiúnais an 13 Iúil 2023, *YP agus páirtithe eile (Deireadh le saoirse ó phionós agus breitheamh a chur ar fionraí)*, C-615/20 agus C-671/20, EU:C:2023:562, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 6 Márta 2025, *D. K. (Tarraingt siar cásanna ó bhreitheamh)*, C-647/21 agus C-648/21, EU:C:2025:143, mír 53).

62 Sna himthosca sin, tá an chéad cheist i gCásanna C-422/23 agus C-493/23 agus an dara ceist i gCásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23 do-ghlactha.

Substaint an cháis

– *Réamhbharúlacha*

63 Le hAirteagal 19 CAE, lena gcuirtear luach an smachta reachta atá in Airteagal 2 CAE in iúl go nithiúil, cuirtear de chúram ar na cúirteanna náisiúnta agus ar an gCúirt cur i bhfeidhm iomlán dhlí an Aontais a áirithiú sna Ballstáit uile agus an chosaint bhreithiúnach a fhaigheann daoine aonair ón dlí sin (breithiúnais an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Ceapachán na mbreithiúna don Chúirt Uachtarach – Caingne)*, C-824/18, EU:C:2021:153, mír 108, agus an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile*, C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, mír 59).

64 I ndáil leis sin, mar a fhoráiltear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, is faoi na Ballstáit atá sé córas leigheasanna agus nósanna imeachta dlí a bhunú lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh daoine aonair a gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais Eorpaigh. Prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí ar chearta daoine aonair faoi dhlí an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, is prionsabal ginearálta é de dhlí an Aontais Eorpaigh a eascraíonn as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, ar prionsabal é atá cumhdaithe in Airteagail 6 agus 13 de ECHR, agus a athdhearbhaítear anois le hAirteagal 47 den Chairt. Ní mór, dá bhrí sin, aird chuí a thabhairt ar an bhforáil sin chun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a léiriú (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, mír 102 agus an cásdlí dá dtagraítear).

65 Maidir le raon feidhme *ratione materiae* an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, déantar tagairt leis an bhforáil sin do na 'réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais', beag beann ar an gcás ina gcuireann na Ballstáit an dlí sin chun feidhme, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:117, mír 29, agus an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile*, C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, mír 62).

66 Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, go háirithe, maidir le haon údarás náisiúnta a fhéadfaidh rialú, mar chúirt nó binse, ar cheisteanna a bhaineann le léiriú nó cur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus a thagann faoi na réimsí atá folaithe le dlí an Aontais (breithiúnais an 26 Márta 2020, *Miasto Łowicz agus Prokurator Generalny*, C-558/18 agus C-563/18, EU:C:2020:234, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 36).

67 Is fíor sin i gcás na cúirte a rinne an tarchur, ar féidir a iarraidh uirthi, rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm nó a léiriú agus, mar 'chúirt nó binse' de réir bhrí dhlí an Aontais Eorpaigh, tá sé ina chuid de chóras breithiúnach na Polainne sna 'réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais', de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ionas go mbeidh ar an gcúirt sin ceanglais maidir le cosaint éifeachtach bhreithiúnach a chomhlíonadh.

68 Ina theannta sin, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur d'Airteagal 47 den Chairt i gcuid dá hiarrataí ar réamhrialú. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú i gcomhréir le hAirteagal 51(1) di, go ndírítear forálacha na Cairte chuig na Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, agus an fhoráil sin ina deimhniú an chásdlí shocair ar dá réir atá na cearta bunúsacha a ráthaítear i ndlíchóras an Aontais infheidhme i ngach cás a rialaítear le dlí an Aontais, ach nach bhfuil infheidhme lasmuigh de na cásanna sin (breithiúnais an 19 Samhain 2019, *A. K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)*, C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 31).

69 Sa chás seo, níor thug an chúirt a rinne an tarchur le fios go mbaineann na díospóidí sna príomhimeachtaí i gCásanna C-422/23, C-455/23, C-486/23 agus C-493/23 le léiriú nó cur i bhfeidhm riail de dhlí an Aontais a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Sna himthosca sin, i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil don Chúirt, is cosúil nach bhfuil Airteagal 47 den Chairt infheidhme sna cásanna sin. Mar sin féin, cé nach bhfuil sé infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, ní mór Airteagal 47 den Chairt a chur san áireamh go cuí chun an dara fomhír

d'Airteagal 19(1) CAE a léiriú (breithiúnais an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, míreanna 44 agus 45, agus an 25 Feabhra 2025, *Sąd Rejonowy w Białymstoku agus Adoreikė*, C-146/23 agus C-374/23, EU:C:2025:109, mír 43).

70 Ar an taobh eile, is léir ón iarraidh ar réamhrialú i gCás C-459/23 go mbraitheann cuideachta E., sna príomhimeachtaí, ar shárú ar rialacha an Aontais lena rialaítear dámhachtain conarthaí poiblí, agus go háirithe ar Threoir 2004/17. Leis na ceisteanna a bhaineann go sonrach leis an gcás sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt, go háirithe, an léiriú ar raon feidhme na Treorach sin. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí sa chás sin le cur i bhfeidhm riail de dhlí an Aontais arna chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, agus é sonraithe gur faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a chinneadh, i bhfianaise fhreagraí na Cúirte ar na ceisteanna a bhaineann go sonrach le Cás C-459/23, an bhfuil Treoir 2004/17 infheidhme iarbhír maidir leis na príomhimeachtaí, agus sa chás sin bheadh Airteagal 47 den Chairt infheidhme freisin.

71 Sna himthosca sin, is gá rialú a thabhairt ar léiriú an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt.

– *Na ceisteanna*

72 Leis an gcéad cheist agus an dara ceist uaithi i gCásanna C-422/23 agus C-493/23 agus leis an gcéad cheist agus an dara ceist i gCásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, amach an gá an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc léi ar bhearta arna nglacadh ag Uachtarán cúirte náisiúnta arb é atá iontu breithiúna arna sannadh do dhlísheomra den chúirt sin a cheapadh chun suí go sealadach i ndlísheomra eile den chúirt sin, cé go leanann siad de bheith ag suí ina ndlísheomra bunaidh, cé nár thoiligh na breithiúna sin leis an gceapachán sin, níl aon leigheas breithiúnach acu chun agóid a dhéanamh ina choinne, tá méadú ar ualach oibre na mbreithiúna lena mbaineann i gceist leis an gceapachán sin agus éilíonn sé a n-infheistiú in ábhair lasmuigh de réimse a speisialtóireachta, agus ceapadh an tUachtarán sin chuig an gcúirt chéanna faoi choinníollacha atá ar neamhréir leis na ceanglais a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

73 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, ar an gcéad dul síos, nach mór d'aon Bhallstát, faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a áirithiú go gcomhlíonann údaráis a n-iarrtar orthu, mar 'chúirt nó binse' de réir dhlí an Aontais, rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais agus a thagann, dá bhrí sin, faoina chóras leigheasanna sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais, na ceanglais maidir le cosaint dlí éifeachtach, lena n-áirítear an neamhspleáchas (breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 6 Márta 2025, *D. K. (Tarraingt siar cásanna ó bhreitheamh)*, C-647/21 agus C-648/21, EU:C:2025:143, mír 65).

74 Tá an ceanglas maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna, atá ina dhlúthchuid den chúram chun breithniú a dhéanamh ar an gcás, mar chuid de bhunbhrí an chirt chun cosaint dlí éifeachtach agus an chirt bhunúsaigh chun triail chóir a fháil, a bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint leo mar ráthaíochtaí chun na cearta uile a eascraíonn ó dhlí an Aontais a chosaint agus chun na luachanna is coiteann do na Ballstáit a chaomhnú, a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an tsmachta reachta (breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*,

C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 6 Márta 2025, *D. K. (Tarraingt siar cásanna ó bhreitheamh)*, C-647/21 agus C-648/21, EU:C:2025:143, mír 66).

75 Tá dhá ghné i gceist leis an gceanglas sin maidir le neamhspleáchas. Ceanglaítear leis an gcéad ghné, atá de chineál seachtrach, ar an gcúirt lena mbaineann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go hiomlán neamhspleách, gan bheith faoi réir aon srian ordlathach nó faoi smacht aon chomhlacht eile agus gan orduithe nó treoracha a ghlacadh ó fhoinse ar bith, agus leis sin chosnófaí an chúirt in aghaidh idirghabhálacha seachtracha nó brú lenar dócha go gcuirfí as do bhreithiúnas neamhspleách a comhaltaí agus go mbeadh tionchar ag an méid sin ar a cinntí. Tá an dara gné, ar gné inmheánach í, nasctha le 'neamhchlaontacht' agus féachtar léi lena áirithiú go gcoimeádtar comhfhad idir na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin. Éilíonn an ghné sin oibiachtúlacht agus easpa leasa i dtoradh an cháis, seachas cur i bhfeidhm docht an smachta reachta (breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, míreanna 50 agus 51 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 6 Márta 2025, *D. K. (Tarraingt siar cásanna ó bhreitheamh)*, C-647/21 agus C-648/21, EU:C:2025:143, mír 67).

76 Cé go bhfuil sé i gceist le gné 'sheachtrach' an neamhspleáchais, go bunúsach, neamhspleáchas na gcúirteanna ón reachtas agus ón bhfeidhmeannas a chaomhnú i gcomhréir le prionsabal scaradh na gcumhachtaí, atá ina shaintréith d'fheidhmiú an smachta reachta, cumhdaítear leis an ngné sin freisin cosaint breithiúna ar thionchar míchuí ón dlínse lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, míreanna 54 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 6 Márta 2025, *D. K. (Tarraingt siar cásanna ó bhreitheamh)*, C-647/21 agus C-648/21, EU:C:2025:143, mír 68).

77 Ba cheart a chur in iúl freisin nach mór feidhmiú na feidhme breithiúnaí a bheith díolmhaithe ní hamháin ó thionchar díreach, i bhfoirm treoracha, ach freisin ó chineálacha tionchair níos indírí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí breithiúnacha (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 14 Samhain 2024, *S. (Modhnú ar fhoirmíocht chúirte)*, C-197/23, EU:C:2024:956, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

78 Glactar leis, trí na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta sin, go bhfuil rialacha ann a bhaineann, go háirithe, le comhdhéanamh an údaráis lena mbaineann, lena bhféadfar deireadh a chur le haon amhras dlisteanach, in aigne daoine aonair, maidir le seasmhacht an údaráis sin i gcoinne tosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna atá os a chomhair (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 52, agus an 6 Márta 2025, *D. K. (Tarraingt siar cásanna ó bhreitheamh)*, C-647/21 agus C-648/21, EU:C:2025:143, mír 70).

79 Ar an dara dul síos, ceanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE freisin go mbeidh binse ann 'arna bhunú roimh ré le dlí', ag féachaint do na naisc dhoscartha idir rochtain ar bhinse den sórt sin agus ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithiúna. (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 14 Samhain 2024, *S. (Modhnú ar fhoirmíocht chúirte)*, C-197/23, EU:C:2024:956, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

80 Léirítear leis an gcoincheap ‘arna bhunú roimh ré le dlí’, atá le feiceáil freisin sa dara mír d’Airteagal 47 den Chairt, *inter alia*, prionsabal an smachta reachta, baineann sé ní hamháin leis an mbunús dlí don bhinse féin a bheith ann, ach freisin le foirmíocht chúirte i ngach cás agus le haon fhoráil eile den dlí náisiúnta a fhágann, i gcás nach gcomhlíontar iad, go bhfuil rannpháirtíocht breitheamh amháin nó níos mó i scrúdú an cháis neamhdhleathach. Dá bhrí sin, cuimsíonn an coincheap sin na rialacha maidir le leithdháileadh agus ath-leithdháileadh cásanna. (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Márta 2025, *D. K. (Tarraingt siar cásanna ó bhreitheamh)*, C-647/21 agus C-648/21, EU:C:2025:143, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear).

81 Dá bhrí sin, ceanglaítear leis an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE freisin, i ndáil leis sin, go n-eisiatar leis rialacha maidir le comhdhéanamh fhoirmíochtaí na cúirte, ar rialacha iad lena gcuirtear cosc ar aon chur isteach míchuí, sa phróiseas cinnteoireachta a bhaineann le cás ar leith, ag daoine atá lasmuigh d’fhoirmíocht chúirte atá i bhfeighil an cháis sin agus nach raibh na páirtithe in ann a n-argóintí a chur ar aghaidh os a comhair (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, míreanna 59 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 6 Márta 2025, *D. K. (Tarraingt siar cásanna ó bhreitheamh)*, C-647/21 agus C-648/21, EU:C:2025:143, mír 75).

82 Sa chás seo, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil bearta lenar cheap an Chéad Uachtarán ar an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) breithiúna ón Dlísheomra um Shaothar agus um Shlándáil Shóisialta chun suí, ar feadh tréimhse shonraithe trí mhí, sa Dlísheomra Sibhialta, cé go leanann siad de bheith ag suí ina ndlísheomra bunaidh le linn na tréimhse sin, ag luí leis na ceanglais a leagtar amach i míreanna 73 go 81 den bhreithiúnas seo.

83 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé dlisteanach go leagfadh na Ballstáit síos, ina ndlí náisiúnta, na coinníollacha faoina bhfuil sé de chumhacht ag Uachtarán cúirte bearta a ghlacadh lena gceanglaítear go sealadach ar bhreithiúna na cúirte sin a shannadh faoi dhó dá ndlísheomra bunaidh agus do dhlísheomra eile den chúirt sin. D’fhéadfadh bearta den sórt sin a bheith fíor-riachtanach chun obair chúirte a eagrú go hinmheánach, ag féachaint do na ceanglais a bhaineann leis an ngá le riaradh cuí an cheartais a áirithiú agus le prionsabal an ama réasúnta a urramú.

84 Ar an dara dul síos, maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar bearta den sórt sin a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ceistíonn an chúirt a rinne an tarchur an tionchar a bheadh ag an bhfíoras gur ceapadh an Chéad Uachtarán den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), a cheap na breithiúna lena mbaineann chun suí go sealadach sa Dlísheomra Sibhialta agus, thairis sin, Uachtarán an Dlísheomra sin, a shann na cásanna a bhaineann leis na díospóidí sna príomhimeachtaí ar an bpainéal sin, chuig oifig breithimh na cúirte sin in imthosca atá ar neamhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE.

85 I ndáil leis sin, is fíor, mar a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl, gur chinn an Chúirt, i míreanna 155 agus 160 de bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798), nach mór do chúirt náisiúnta, i gcomhréir le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, a chinneadh go bhfuil ordú ó chomhlacht nach binse neamhspleách neamhchlaonta é arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí dhlí an Aontais, ar neamhní.

86 Mar sin féin, ní leanann sé nach mór a mheas go bhfuil aon bheart maidir le heagrú inmheánach oibre cúirte, amhail beart lena gceaptar breithiúna chun suí, go sealadach, i ndlísheomra seachas an dlísheomra dá sanntar iad nó lena leithdháiltear cásanna orthu, ar neamhní i gcás inar ghlac

Uachtarán na cúirte sin nó Uachtarán foirmíochta cúirte é, nach binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí é, de réir bhrí dhlí an Aontais. Bhain an cás as ar eascair an cásdlí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, murab ionann agus na cásanna seo, le breithiúnais a bheith ann lena gcuirtear clabhsúr ar imeachtaí.

87 Dá bhrí sin, ní leor ann féin Uachtarán an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus Uachtarán an Dlísheomra Shibhialta a cheap, faoi seach, na breithiúna lena mbaineann chun suí sa dlísheomra sin agus a chuir cásanna a bhaineann leis na díospóidí sna príomhimeachtaí ar fhoirmíochtaí cúirte, de réir chinntí na cúirte a rinne an tarchur, arna n-ainmniú in imthosca atá ar neamhréir le ceanglais an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, chun údar a thabhairt nach mór a mheas freisin nach binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí dhlí an Aontais, iad foirmíochtaí cúirte atá comhdhéanta agus a bhfuil na cásanna sin os a gcomhair.

88 Ar an dara dul síos, d'fhonn a áirithiú go mbeidh bearta lena gceanglaítear ar bhonn sealadach breithiúna cúirte a shannadh faoi dhó dá ndlísheomra bunaidh agus do dhlísheomra eile den chúirt sin ag luí le prionsabail an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta agus leis an gceanglas maidir le binse arna bhunú roimh ré le dlí, is gá a áirithiú nach bealach iad na bearta sin chun ábhar cinntí breithiúnacha a rialú.

89 D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh dá bhféadfadh bearta den sórt sin difear buan a dhéanamh ní hamháin do raon chumhachtaí na mbreithiúna lena mbaineann agus do láimhseáil na gcomhad a chuirtear ar a n-iontaoibh, ach freisin d'fhéadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith acu ar a saol agus ar a ngairm bheatha a mhéid, mar shampla, go mbeadh íosghrádú na mbreithiúna sin nó meath ar a staid ghairmiúil i gceist leo. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh bearta den sórt sin a bheith ina gcúis amhrais dhlisteanaigh, in intinn daoine aonair, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna sin, dá dtiocfadh siad faoi chumhacht iomlán lánroghnach Uachtarán na cúirte náisiúnta agus dá ndíríonn siad ar bhreithiúna áirithe mar gheall ar na seasaimh a ghlac siad san am a chuaigh thart, go háirithe i gcoinne athchóirithe a rinneadh le déanaí ar bhreithiúna na Polainne, nó dá nglacfaí iad mar fhreagairt ar chinntí breithiúnacha a thug na breithiúna sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, míreanna 115 agus 119).

90 Os a choinne sin, ní hamhlaidh atá i gcás bearta lena gceaptar breithiúna chun suí i ndlísheomra atá bunaithe, go háirithe, ar fhorais dhlisteanacha a bhaineann, go háirithe, le dea-riarachán an cheartais, a dhéantar ar bhonn na rialacha náisiúnta lena rialaítear an chúirt atá i gceist, atá sealadach agus a shainítear go docht in am, gan dochar dá n-athnuachan, nach dtugann sannadh na mbreithiúna lena mbaineann dá ndlísheomra bunaidh faoi cheist agus nach ndéanann cásanna a tharraingt siar ó na breithiúna sin a bhfuil siad freagrach astu ná aon íosghrádú ar na breithiúna sin. Tá gá níos mó le conclúid den sórt sin i gcás ina mbaineann bearta den sórt sin, ar bearta eagraíochtúla amháin iad, le líon mór breithiúna den chúirt náisiúnta lena mbaineann agus nach bhfuil sé de chuspóir ná d'éifeacht acu díriú ar bhreithiúna áirithe mar gheall ar na seasaimh a ghlac siad san am a chuaigh thart. Ní bhaineann sé le hábhar ina leith sin go bhféadfadh méadú sealadach teacht ar ualach oibre na mbreithiúna lena mbaineann mar thoradh ar bhearta den sórt sin, fiú más bearta suntasacha iad, agus go gceanglaítear orthu déileáil le hábhair lasmuigh dá réimse speisialtóireachta.

91 Sa chás seo, is léir ó eilimintí an chomhaid atá os comhair na Cúirte go bhfreagraíonn na bearta atá i gceist sna príomhimeachtaí do na bearta dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

92 Ar an gcéad dul síos, glacadh na bearta lenar cheap an Chéad Uachtarán ar an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) breithiúna, ón Dlísheomra um Shaothar agus um Shlándáil Shóisialta, chun suí sa Dlísheomra Sibhialta ar feadh tréimhse shonraithe 3 mhí ar bhonn Airteagal 35(3) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach. Leagtar síos go sainráite san fhoráil sheanbhunaithe sin tréimhse chur i bhfeidhm na mbeart sin gan toiliú na mbreithiúna lena mbaineann ag uastréimhse 6 mhí in aghaidh na bliana. Thairis sin, ní cosúil go gcuirtear toirmeasc leis an dara habairt den fhoráil sin ar na breithiúna sin a choinneáil ina ndlísheomra bunaidh.

93 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, áfach, nach gceadaítear le hAirteagal 35(3) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach ceapadh den sórt sin a dhéanamh gan toiliú an bhreithimh lena mbaineann, ná ní fhoráiltear léi go bhfanfaidh an breitheamh lena mbaineann ina dhlísheomra bunaidh ar feadh na tréimhse sin. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú nach faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé amhras a chaitheamh ar léiriú an dlí náisiúnta a rinne an chúirt a rinne an tarchur. Más amhlaidh atá, fiú mura n-údaraítear leis an bhforáil sin na ceapacháin lena mbaineann, ní leor an fíoras sin ann féin chun amhras a chaitheamh ar chomhoiriúnacht foirmíochtaí cúirte arb iad an chúirt a rinne an tarchur iad leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt.

94 Ar an dara dul síos, is léir ó eilimintí an chomhaid atá os comhair na Cúirte, cé nach bhfuil siad réasúnaithe, gur cosúil gur glacadh na bearta sin chun déileáil le méadú ar dhlíthíocht os comhair an Dlísheomra Shibhialta agus chun riaráiste suntasach an dlísheomra sin a leigheas. Dá bhrí sin, tá aidhm dhlisteanach á saothrú acu, gan beann ar na himthosca ba chúis leis an riaráiste suntasach sin.

95 Ar an tríú dul síos, is bearta sealadacha iad na bearta atá i gceist sna príomhimeachtaí, agus ceaptar na breithiúna lena mbaineann chun suí sa Dlísheomra Sibhialta ar feadh tréimhse 3 mhí, cé go bhforáiltear le hAirteagal 35(3) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach d'uastréimhse 6 mhí in aghaidh na bliana. Sa chomhthéacs sin, i bhfianaise na fianaise atá os comhair na Cúirte Breithiúnais, is teagmhas hipitéiseach é an fhéidearthacht na ceapacháin sin a shíneadh nó a athnuachan, rud a fhágann go bhfuil an sannadh don Dlísheomra Sibhialta beagnach buan.

96 Ar an gceathrú dul síos, de réir na faisnéise atá ar fáil don Chúirt, is cosúil nach raibh aon íosghrádú ar na breithiúna lena mbaineann nó meath ar a staid ghairmiúil mar thoradh ar na bearta sin, ar an tuiscint go leanann na breithiúna sin de bheith ag déileáil le hachomhairc ar phointe dlí a thagann faoi dhlínse an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach). Níor bhain siad le cásanna a tharraing siar ó na mbreithiúna sin a raibh siad freagrach astu roimhe sin, agus é á chur san áireamh go leanann na breithiúna sin de bheith ina suí ina ndlísheomra bunaidh le linn na tréimhse a bhaineann leis na bearta sin. Mar a luaitear i mír 90 den bhreithiúnas seo, níl an fíoras go dtagann méadú sealadach ar ualach oibre na mbreithiúna lena mbaineann nó go gceanglaítear orthu déileáil le hábhair lasmuigh dá réimse speisialtóireachta ábhartha sa chomhthéacs sin.

97 Ar an gcúigiú dul síos, bhain na bearta atá i gceist sna príomhimeachtaí, ar an iomlán, le thart ar 20 breitheamh. I bhfianaise na fianaise atá os comhair na Cúirte, is cosúil nach bhfuil na bearta sin spriocdhírithe ar bhreithiúna sonracha, mar shampla a mhéid a cháin siad athchóirithe breithiúnacha na Polainne.

98 Sna himthosca sin, cé gur glacadh na bearta atá i gceist sna príomhimeachtaí gan toiliú na mbreithiúna lena mbaineann agus nach bhfuil aon leigheas dlí ag na breithiúna sin chun agóid a dhéanamh ina gcoinne, ní féidir leis sin a bheith ina shárú ar phrionsabail an neamhspleáchais

agus na neamhchlaontachta agus ar an gceanglas maidir le binse arna bhunú roimhe sin le dlí. In éagmais aon léiriú go bhféadfadh éifeachtaí a bheith ag na bearta sin atá cosúil le pionós araíonachta, ní ardaíonn imthosca den sórt sin amhras dlisteanach, in intinn daoine aonair, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna sin.

99 Ina theannta sin agus in aon chás, ba cheart a lua nach mór, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte, rialtacht chomhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte arb iad an chúirt a rinne an tarchur iad i bhfianaise an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 14 Samhain 2024, *S. (Modhnú ar fhoirmíocht chúirte)*, C-197/23, EU:C:2024:956, mír 67). Sa chás seo, léirítear go beacht sna cásanna sna príomhimeachtaí go dtugtar deis leis an dlí náisiúnta don chúirt a rinne an tarchur athbhreithniú a dhéanamh ar rialtacht a comhdhéanaimh féin.

100 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an dá cheist i gCásanna C-422/23 agus C-493/23 agus ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist i gCásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23 nach mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar bhearta arna nglacadh ag Uachtarán cúirte náisiúnta arb é atá iontu breithiúna arna sannadh do dhlísheomra den chúirt sin a cheapadh chun suí go sealadach i ndlísheomra eile den chúirt sin, cé go leanann siad de bheith ag suí ina ndlísheomra bunaidh, cé nár thoiligh na breithiúna sin leis an gceapachán sin, níl aon leigheas breithiúnach acu chun agóid a dhéanamh ina choinne, tá méadú ar ualach oibre na mbreithiúna lena mbaineann i gceist leis an gceapachán sin agus éilíonn sé a n-infheistiú in ábhair lasmuigh de réimse a speisialtóireachta, agus ceapadh an tUachtarán sin chuig an gcúirt chéanna faoi choinníollacha atá ar neamhréir leis na ceanglais a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin bunaithe ar fhorais dhlisteanacha a bhaineann go háirithe le dea-riarachán an cheartais, go nglactar iad ar bhonn na rialacha náisiúnta lena rialaítear an chúirt atá i gceist, go bhfuil siad sealadach agus teorannaithe go docht ó thaobh ama de, nach dtarraingíonn siad amhras ar shannadh na mbreithiúna lena mbaineann dá ndlísheomra bunaidh agus nach bhfuil aon íosghrádú do na breithiúna sin ná nach ndéanfaí aon chás a tharraingt siar uathu a bhfuil siad freagrach astu.

An tríú ceist i gCásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23

101 Déantar an tríú ceist i gCásanna C-455/23, C-459/23 agus C-486/23 a tharchur i gcás ina n-eascraíonn sé, go bunúsach, as an bhfreagra ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist sna cásanna sin nach binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí í cúirt atá comhdhéanta in imthosca amhail imthosca na cúirte a rinne an tarchur, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar na ceisteanna sin, ní gá rialú a thabhairt a thuilleadh ar an tríú ceist a tharchuirtear sna cásanna sin.

An ceathrú ceist i gCás C-459/23

